Seodra sa Daingean

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi sheodra ársa a aimsíodh i gCiarraí. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí cur síos ar an ngrianghraf thíos. Cad is féidir libh a rá faoin seodra ón bpictiúr?

Bainigí úsáid as na focail seo chun cabhrú libh:

bróiste, ór, cód rúnda, cloch luachmhar, miodóg



Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla thíos.

1. *close to*	a. greanta
2. *precious*	b. luachmhar
3. *engraved*	c. An Galar Dubh
4. *skill of the jeweller*	d. cré-umha
5. *spellbound*	e. cóngarach do
6. *bronze*	f. oilteacht an tseodóra
7. *tourmaline*	g. litreacha Gotacha
8. *Gothic letters*	h. faoi gheasa
9. *The Black Death*	i. túrmailín

1	2	3	4	5	6	7	8	9

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

1. Seandálaí a bhí ag tochailt a d'aimsigh an bróiste.

2. Tá an bróiste i mBaile Átha Cliath anois.

3. Is minic a thagtar ar bhróistí óir den chineál seo.

4. Is saifír í an chloch luachmhar.

5. Ceapann na saineolaithe gur paidir ghearr nó cód cosanta atá sna litreacha atá greanta air.

6. Coinneofar an bróiste sa mhúsaem i mBaile an Fheirtéaraigh go fadtéarmach.

Ceist 4 Éist leis an mír arís.

A. Aimsigh cúig fhocal ón mír, le dul faoi gach teideal sa bhosca. Tá sampla déanta duit.

ainmfhocal	aidiacht	briathar	réamhfhocal simplí	forainm réamhfhoclach
fear	mór	aimsigh	i	air

B. Cum cúig abairt anois leis na focail sa bhosca.
C. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 5 '***i*** dtaisce ***san*** Ard-Mhúsaem'

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoi na réamhfhocail i gcló dubh?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Samhlaigh gur tú féin a d'aimsigh an bróiste ársa. Conas mar a mhothófá faoi sin?
2. An mbeadh a leithéid de bhróiste faiseanta sa lá atá inniu ann? Cén fáth sin, meas tú?
3. Conas a chuireann an tseandálaíocht leis an tuiscint atá againn ar chúrsaí staire?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9
e	b	a	f	h	d	i	g	c

Ceist 3

1. Bréagach. Sasanach a bhí ar laethanta saoire agus a bhí ag siúl ar an tsráid a d'aimsigh é.
2. Fíor.
3. Bréagach. Is minic a thagtar ar bhróistí den chineál seo **ach** is bróistí cré-umha iad.
4. Bréagach. Shíl siad gur saifír í ar dtús ach tuigtear anois gur túrmailín atá ann.
5. Fíor.
6. Bréagach. Coinneofar an bróiste sa mhúsaem i mBaile an Fheirtéaraigh go gearrthéarmach agus beidh sé i mBaile Átha Cliath ina dhiaidh sin.

Ceist 4

ainmfhocal	aidiacht	briathar	réamhfhocal simplí	forainm réamhfhoclach
fear	mór	aimsigh	i	air
cloch	beag	bí	de	aige
domhan	luachmhar	siúil	ar	orainn
rud	sábháilte	tar	ó	againn
cuairteoir	rúnda	déan	faoi	linn

Abairtí samplacha:
D'aimsigh an buachaill óg, a raibh súile gorma aige, cloch luachmhar i gcoill.
Beidh cuairteoir rúnda ar saoire againn.
Shiúil sé an domhan mór faoi scáth na hoíche agus ní raibh eagla air.
Tiocfaidh rud beag faoisimh ó theas na tine agus beidh áthas orainn.
Rinne an fear foscadán sábháilte de gach rud a bhí in aice linn.

Ceist 5

Ciallaíonn ***i*** 'in' i mBéarla – *i mBaile Átha Cliath, i mbosca*.
Ciallaíonn ***sa*** (i + an) 'in the' i mBéarla – *sa Fhrainc, sa bhosca.*

Cuirtear 'n' roimh ghúta – *in uisce, in Albain; san uisce, san Aontas Eorpach.*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá bróiste óir, ocht gcéad bliain d'aois, aimsithe i gCorca Dhuibhne. Fear a bhí amuigh ag siúl cóngarach don Daingean a tháinig ar an mbróiste. Tá cloch luachmhar ann agus cód rúnda greanta air.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Oh tá sé an-bheag ar fad.

Seán Mac an tSíthigh
É slán sábháilte i dtaisce san Ard-Mhúsaem. Áilleacht agus oilteacht an tseodóra i bhfeighil ocht gcéad bliain ó shin. Aimsíodh[1] an bróiste luachmhar, ón dtríú[2] haois déag, cóngarach don Daingean, agus tá seandálaithe faoi gheasa aige.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá áthas an domhain orainn an ceann seo a fháil. Tá roinnt mhaith dóibh sin againn sa bhailiúchán, ach amháin déanta de chré-umha. Is annamh an rud teacht ar cheann déanta d'ór.

Isabel Bennet, Seandálaí
Agus chonaic sé é idir na clocha ag glioscarnach[3].

Seán Mac an tSíthigh
Ba anseo ar an gCluais Mhóir a d'aimsigh Ian Andrew an bróiste. Cuairteoir ó Shasana a bhí ar saoire i gCorca Dhuibhne.

Isabel Bennet, Seandálaí
An rud is neamhghnáiche ná go bhfuarthas[4] an bróiste anseo i gCorca Dhuibhne. Ní raibh riamh a leithéid feicthe againn anso[5]. Níl a fhios againn cárbh[6] as ar tháinig sé. An raibh sé istigh i gcré in aice linn agus leis an mbáisteach gur tháinig sé amach? B'fhéidir gur éan a phioc suas é ó áit eile agus gur thit sé as a bhéal.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá cloch gheal ghorm ann agus cheapamar i dtús báire b'fhéidir gur saifir a bhí i gceist ach anois tuigimid gur túrmailín atá ann.

Seán Mac an tSíthigh
Agus, tá litreacha Gotacha breactha air, cód rúnda, a mheastar.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá a fhios againn ó chinn eile atá sa bhailiúchán agus atá i músaeim eile, gur corr uair is b'fhéidir paidir ghearr[7] nó cód cosanta de shórt mar gheall ar na galair a bhí mórthimpeall faoin am sin, sa tríú céad déag agus sa cheathrú (céad) déag, mar shampla an *Black Death*[8].

---

[1] *d'aimsíodh* a dúradh
[2] Córas na Mumhan
[3] ag *glioscarnaigh* a dúradh
[4] *go bhfuaradh* a dúradh
[5] *anseo* an leagan caighdeánach
[6] *cár as* a dúradh
[7] *gearr* a dúradh
[8] *An Galar Dubh* an leagan Gaeilge.

Beidh deis ag pobal Chorca Dhuibhne súil a chaitheamh ar an mbróiste Dé hAoine agus Dé Sathairn beag so[9], anso i Músaem Bhaile an Fheirtéaraigh. Ina dhiaidh sin tá sé beartaithe é a bheith mar chuid de thaispeántas níos buaine in Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhe.

[9] *seo* an leagan caighdeánach